


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Saotharlann Náisiúnta Tagartha Víreas UCD |
| **Teideal an Phoist & Réimse Ábhair***(más ábhartha)***:** | **Freastalaí Saotharlainne** |
| **Fad an Phoist:** | 12 Mhí (Painéal Sealadach 12 mhí) |
| **Grád:** | Freastalaí Saotharlainne |
| **Bainisteoir Líne:** | Bainisteoir Saotharlainne |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais:** | 018633 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna:** | Arianna Eady |

## Achoimre ar an bPost:

Cuirtear fáilte roimh iarratais ar ról sealadach Freastalaí Saotharlainne laistigh de Shaotharlann Náisiúnta Tagartha Víreas UCD. Tar éis na n-agallamh, cuirfear painéal le chéile agus féadfaidh go dtairgfí deiseanna amach anseo dá bharr. Is post sealadach é seo.

Tá ról tábhachtach ag an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Víreas (NVRL) i Seirbhísí Sláinte na hÉireann mar phríomhsheirbhís dhiagnóiseach agus tagartha do chliniceoirí a imscrúdaíonn ionfhabhtuithe víreasacha.. Cuireann an tsaotharlann thart ar 170 tástáil ar fáil chun 45 pataigin dhifriúla ar a laghad a dhiagnóisiú agus baineann an t-ualach oibre reatha le breis agus 1 milliún tástáil in aghaidh na bliana. Cuireann an tSaotharlann seirbhís glaoch chliniciúil agus theicniúil 24/7 ar fáil chun déileáil le riachtanais thástála phráinneacha agus chun tacaíocht a thabhairt don Chlár Náisiúnta Trasphlandúcháin.

Tá an NVRL creidiúnaithe ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) mar Shaotharlann Náisiúnta le haghaidh Póilióivíris, Fliú, Bruitíneach agus Rubella. Tá an NVRL creidiúnaithe freisin ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) chun tabhairt faoi thástáil mar atá sonraithe sa Sceideal ar a bhfuil an Uimhir Chláraithe 326MT, i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta ISO/IEC 15189:2012 3ú Eagrán "*Saotharlanna Leighis - Ceanglais cháilíochta agus inniúlachta*".

Is é príomhchuspóir an phoist cabhrú le clárú agus ullmhú eiseamail le haghaidh anailíse chun monatóireacht a dhéanamh ar úsáid inchaite, agus trealamh a chothabháil agus a ghlanadh i limistéar na saotharlainne.

## Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

- Samplaí othar a fuarthas a oscailt, a shórtáil, a mheaitseáil agus a lipéadú.
- Saotharlanna tástála a chur ar an eolas faoi shamplaí práinneacha.
- Córas cartlainne eiseamail a chomhdú agus a chothabháil.
- Eiseamail le haghaidh liostaí oibre tástála a aisghabháil.
- Samplaí a ullmhú nuair is cuí le haghaidh anailíse.
- Clárú sonraí othar ar Chóras Faisnéise Saotharlainne an NVRL (CliniSys WinPath).
- Ceisteanna teileafóin a fhreagairt lena n-áirítear tarchur ó bhéal ar thorthaí údaraithe.
- Foirmeacha iarratais othar a scanadh.
- Glacadh le hiarratais leictreonacha othar trí Medibridge.
- Tuaslagáin agus imoibrithe a ullmhú.
- Trealamh saotharlainne a chothabháil, a ghlanadh agus a dhí-éilliú.
- An tsaotharlann a choinneáil lena n-áirítear leibhéal stoic ar imoibrithe agus inchaite a sheiceáil.

© Acmhainní Daonna UCD

- Éilimh a chur isteach trí ríomhsholáthar.
- Ábhar éillithe a dhiúscairt lena n-áirítear uirlisí géara.
- Monatóireacht agus taifead a dhéanamh ar theochtaí trealaimh saotharlainne nuair is cuí.
- Monatóireacht a dhéanamh ar shreabhadh aeir ar Chaibinéid Sábháilteachta nuair is cuí.
- Monatóireacht agus taifead a dhéanamh ar leibhéal CO2 do ghoradáin nuair is cuí.
- Samplaí, gléasanna bailiúcháin agus imoibrithe a phacaistiú le hiompar chuig foinsí atreoraithe/iarrtha.
- Pacáistí bailiúcháin samplacha a chur le chéile don chlár Faireachais Fliú.
- Seiceálacha eiseamail agus doiciméadúcháin a dhéanamh.
- Córais lán-uathoibríoch a oibriú faoi mhaoirseacht (ar an oiliúint chuí a bheith déanta).
- Maolán níocháin a chothabháil agus monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil dramhaíola sna huirlisí uathoibrithe
- Leictreafóiréis glóthaí na n-eiseamal.
- RNA/DNA víreasach a íonú ó chineálacha éagsúla samplaí ag baint úsáid as próiseas Qiagen láimhe agus ardáin eastósctha uathoibrithe.
- Úsáid a bhaint as ardáin tástála móilíneach pointe cúraim.
- Cabhrú le hullmhú Nósanna Imeachta Caighdeánacha Oibriúcháin de réir mar is gá.
- Cabhrú le hullmhú/fíorú agus bailíochtú nósanna imeachta oibriúcháin caighdeánacha saotharlainne.
- Freagrach as seachadtaí fearas a ghlacadh agus as bainistiú na gcáipéisí gaolmhara go léir.
- Iarratais ar Athrú Doiciméid a ullmhú de réir mar is gá.
- Tabhairt faoi fhreagrachtaí breise mar a iarrann an Príomhoifigeach Teicniúil.
- Cloí i gcónaí le Beartas Sábháilteachta Saotharlainne agus Córas Bainistíochta Cáilíochta an NVRL.
- Tuairisciú/cinntiú go ndéantar aon fhabht a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar an obair a chur faoi bhráid an mhaoirseoir ainmnithe.
- Neamhchomhlíontacht a thuairisciú agus a thaifeadadh i gcomhar leis an bPríomhoifigeach Teicniúil nó Pearsanra Faofa chuig an Roinn um Dhearbhú Cáilíochta.
- Meas a thabhairt ar fhaisnéis a fhaightear le linn na ndualgas a dhéantar, agus staonadh ó fhaisnéis dá leithéid a nochtadh gan toiliú an fhostaí/othair, nó an duine atá i dteideal gníomhú ar a son, ach amháin nuair is gá é a nochtadh de réir dlí nó ordú Cúirte.
- Páirt a ghlacadh i gcomh-athbhreithniú bliantúil lena n-áirítear breithniú ar na nithe seo a leanas:
    - cuspóirí agus pleananna sonraithe na saotharlainne,
    - cur síos ar an bpost,
    - cuspóirí pearsanta,
    - riachtanais oiliúna agus forbartha**.**

**95 Laboratory Attendant/Storeman_2013 (7910) Tuarastal: €34,848 - €39,775 in aghaidh na bliana**
Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí faoi incháilitheacht chun dul san iomaíocht agus eolas pinsin ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Cuirimid fáilte roimh iarratas ó chách, iad siúd san áireamh a shamhlaíonn iad féin le haon cheann de na tréithe cosanta a leagtar síos inár bpolasaí um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú. Tuilleadh eolais faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Soláthrófar socruithe réasúnta d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

**Critéir Roghnúcháin**
Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

Éigeantach:

- Taithí roimhe seo ar bheith ag obair i saotharlann dhiagnóiseach/chliniciúil.
- Bheith eolach ar an reachtaíocht reatha sláinte agus sábháilteachta a bhaineann leis an tsaotharlann.
- Bheith eolach ar Chórais Faisnéise Saotharlainne.
- Bheith eolach ar Chreidiúnú Saotharlainne (ISO 15189: 29012).
- Cumas idirghníomhú go héifeachtach le gach leibhéal foirne.
- Sárscileanna idirphearsanta agus seirbhís do chustaiméirí.
- Tá cruinneas agus aird ar mhionsonraí riachtanach.
- Imreoir foirne den scoth.

Inmhianaithe:

- Eolas oibre ar Q-pulse.

## Eolas Breise:

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Teorainneacha a Shárú 2030: | https://strategy.ucd.ie/ |
| An Coláiste/Aonad Bainistíochta: | https://www.ucd.ie/chas/ |
| An Scoil/Oifig Chláir/Aonad: | https://nvrl.ucd.ie/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD: | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**

| | |
|---|---|
| Ainm: | Deirdre Burke |
| Teideal: | Bainisteoir Saotharlainne |
| Seoladh r-phoist: | Deirdre.Burke@ucd.ie |